BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

1 Lúnasa 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 19(1) CAE – Oibleagáid na mBallstát leigheasanna a chur ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Ceart chun leigheas éifeachtach a fháil – An fhéidearthacht dul i muinín eadrána – Eadráin idir daoine aonair – Eadráin arna forchur – Cinneadh ó chomhlacht cónaidhme idirnáisiúnta spóirt lena bhforchuirtear smachtbhanna – Dámhachtain na Cúirte Eadrána Spóirt (CES) arna deimhniú le cinneadh ó chúirt de thríú Stát – Nós imeachta achomhairc i gcoinne na dámhachtana eadrána – Rialacha náisiúnta lena mbronntar feidhm *res judicata* idir na páirtithe agus luach cruthúnais i leith tríú páirtithe – Cumhachtaí agus oibleagáidí na gcúirteanna náisiúnta a ndéantar an dámhachtain eadrána sin a agairt os a gcomhair – Rialú éifeachtach ar chomhréireacht dámhachtana eadrána den sórt sin le prionsabail agus forálacha bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh)

I gCás C-600/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Bheilg), trí bhreith an 8 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 2 Deireadh Fómhair 2023, sna himeachtaí

Royal Football Club Seraing SA

v

Fédération internationale de football association (FIFA),

Union des associations européennes de football (UEFA),

Union royale belge des sociétés de football association ASBL (URBSFA),

idiragraithe:

Doyen Sports Investment Ltd

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, K. Jürimäe, C. Lycourgos, I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún, S. Rodin, A. Kumin, N. Jääskinen agus D. Gratsias, Uachtaráin Dlísheomra, E. Regan, I. Ziemele, J. Passer (Rapóirtéir) agus Z. Csehi, Breithiúna,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 1 Deireadh Fómhair 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Royal Football Club Seraing SA, ag J.-L. Dupont, M. Hissel agus F. Stockart, avocats, F. Irurzun, abogado, agus M. Orth, Rechtsanwalt,

– Fédération internationale de football association (FIFA), ag A. Laes, avocat, agus D. Van Liedekerke, advocaat,

– Union des associations européennes de football (UEFA), ag P. González-Espejo García, abogado, B. Keane, D. Slater agus D. Waelbroeck, avocats,

– Union royale belge des sociétés de football association ASBL (URBSFA), ag N. Cariat agus A. Stévenart, avocats, agus E. Matthys, advocaat,

– Doyen Sports Investment Ltd, ag M. Hissel, avocat,

– Rialtas na Beilge, ag M. Jacobs, L. Jans, C. Pochet agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó Y. Herinckx, avocat,

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller agus A. Hoesch, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gréige, ag K. Boskovits, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Fraince, ag B. Fodda, J.-B. Merlin, M. Raux agus B. Travard, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Liotuáine, ag S. Grigonis agus V. Kazlauskaitė-Švenčionienė, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag M. H. S. Gijzen, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag F. Erlbacher, T. Maxian Rusche, S. Noë agus F. Ronkes Agerbeek, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 16 Eanáir 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 19(1) CAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir an Royal Football Club Seraing SA ('RFC Seraing') agus an Fédération internationale de football association (FIFA) agus an Union des associations européennes de football (UEFA) agus an Union royale belge des sociétés de football association ASBL (URBSFA) maidir le hiarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta, glacadh urghairí agus cúiteamh as an damáiste a d'fhulaing RFC Seraing mar thoradh ar chur chun feidhme, ag na trí chomhlachas sin, rialacha ar cheart a mheas go bhfuil siad ar neamhní ar an bhforas go sáraíonn siad dlí an Aontais.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Foráiltear dá leanas leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE:

'Cuirfidh na Ballstáit leighis ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais.'

4 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 267 CFAE:

'Beidh dlínse Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun réamhrialú a thabhairt:

(a) ar léiriú na gConarthaí;

(b) ar bhailíocht agus léiriú gníomhartha de chuid institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais [Eorpaigh].

Nuair a thabharfar ceist den sórt sin ar aird os comhair cúirt nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh an chúirt nó an binse sin, má mheasann sé nó sí gur gá cinneadh ar an gceist ionas go bhféadfaidh sé nó sí breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt rialú a thabhairt ar an gceist sin.

[...]'

5 Is mar seo a leanas atá in Airteagal 47 den Chairt, dar teideal 'An ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil':

'Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a saoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ó bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí. Beidh an chaoi ag gach duine go ndéanfar é nó í a chomhairliú, a chosaint agus a ionadú.

[...]'

Dlí na Beilge

An Cód Breithiúnach

6 Áirítear sa Chód Breithiúnach, arna leasú leis an Dlí lena leagtar síos forálacha éagsúla in ábhair cheartais, an 21 Nollaig 2018 (*Moniteur Belge* an 31 Nollaig 2018, lch. 106560) ('an Cód Breithiúnach'), an chéad chuid, dar teideal 'Prionsabail Ghinearálta.' Sa chéad chuid tá Caibidil III, dar teideal 'Breithiúnais', ina bhfuil an chéad mhír d'Airteagal 19 den Chód sin, ina sonraítear:

'Is breithiúnas críochnaitheach a bheidh sa bhreithiúnas a mhéid a ídíonn sé dlínse na cúirte i leith ábhair atá i gceist, ach amháin i gcás ina bhforáiltear d'achomhairc le dlí'.

7 Áirítear sa chéad chuid Caibidil IV, dar teideal '*Res judicata*'. Le Caibidil IV, Airteagail 23 go 28 den chód sin, lena bhforáiltear an méid seo a leanas:

'Airteagal 23

Níl feidhm ag *res judicata* ach amháin maidir leis an méid ab ábhar don chinneadh. Ní mór an rud a iarradh a bheith mar an gcéanna; tá an t-éileamh bunaithe ar an gcúis chéanna caingne, gan beann ar an mbunús dlí a agraíodh; tá an t-éileamh idir na páirtithe céanna agus déanann siad é agus iad sa cháil chéanna. Mar sin féin, ní bhaineann feidhm *res judicata* le héileamh atá bunaithe ar an gcúis chéanna caingne ach nach bhféadfadh an chúirt éisteacht a thabhairt dó ag féachaint don bhunús dlí ar a bhfuil sé bunaithe.

Airteagal 24

Beidh feidhm *res judicata* ag aon chinneadh críochnaitheach a luaithe a thabharfar é.

Airteagal 25

Cuireann feidhm *res judicata* cosc ar an iarratas a athdhéanamh.

Airteagal 26

Fanfaidh feidhm *res judicata* fad nach mbeidh an cinneadh curtha ar ceal.

Airteagal 27

In aon chás, féadfar agóid *res judicata* a agairt os comhair na cúirte a éisteann an phríomhghníomhaíocht.

Ní fhéadfaidh an chúirt é a ardú uaithi féin.

Airteagal 28

Beidh feidhm *res judicata* ag aon chinneadh a luaithe nach féidir agóid ná achomharc a dhéanamh ina choinne a thuilleadh, cé is moite d'eisceachtaí dá bhforáiltear le dlí agus gan dochar d'éifeachtaí achomharc urghnách.'

8 Áirítear sa Chód Bhreithiúnach freisin séú chuid, dar teideal ‘Eadráin’. I gCaibidil VI de mhír 6, dar teideal ‘Dámhachtain eadrána agus foirceannadh imeachtaí’, tá Airteagal 1713 den Chód sin, lena n-áirítear, *inter alia*, na forálacha seo a leanas:

‘(1) Tabharfaidh an chúirt eadrána cinneadh críochnaitheach nó cinneadh roimh rialú le dámhachtain amháin nó níos mó.

[...]

(9) Beidh na héifeachtaí céanna ag an dámhachtain, i gcaidreamh idir na páirtithe, agus atá ag breith cúirte.’

9 I gCaibidil VIII de Chuid a Sé, dar teideal ‘Dámhachtainí eadrána a aithint agus a fhorghníomhú’, tá, *inter alia*, Airteagail 1719 go 1721 den Chód Breithiúnach, atá mar a leanas:

‘Airteagal 1719

(1) Ní fhéadfar dámhachtain eadrána, arna heisiúint sa Bheilg nó thar lear, a fhorghníomhú ach amháin tar éis don chúirt chéadchéime ordú forghníomhaithe a eisiúint ina leith, go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 1720.

(2) Ní fhéadfaidh an chúirt chéadchéime ordú forghníomhaithe a eisiúint ach amháin mura féidir agóid a dhéanamh in aghaidh na dámhachtana os comhair na n-eadránaithe a thuilleadh nó má d’ordaigh na headránaithe a fhorghníomhú sealadach d’ainneoin achomhairc.

Airteagal 1720

(1) Tá dlínse ag an gcúirt chéadchéime iarratas ar aithint agus ar fhorghníomhú dámhachtana eadrána a rinneadh sa Bheilg nó thar lear a éisteacht.

[...]

(2) I gcás inar eisíodh an dámhachtain thar lear, is í an chúirt a bhfuil dlínse chríche aici an chúirt céadchéime ina bhfuil suíomh na cúirte achomhairc ar ina dúiche atá sainchónaí ar an duine a n-iarrtar an dearbhú infhorghníomhaitheachta ina choinne agus, in éagmais seoladh le haghaidh seirbheála, a ghnátháit chónaithe nó, i gcás inarb infheidhme, a oifig chláraithe, nó, ina éagmais sin, a bhunaíocht nó a bhrainse. [...]

[...]

(5) Ní fhéadfar an dámhachtain a aithint ná a dhearbhú mar infhorghníomhaithe ach amháin mura sáraíonn sí coinníollacha Airteagal 1721.

Airteagal 1721

(1) Ní dhiúltóidh an chúirt chéadchéime aitheantas agus forghníomhú dámhachtana eadrána, is cuma cén tír ina ndearnadh í, ach amháin sna himthosca seo a leanas:

[...]

(b) má chinneann an chúirt chéadchéime:

[...]

(ii) go mbeadh aithint nó forghníomhú na dámhachtana contrártha don bheartas poiblí.

[...]'

An Dlí maidir le Cód an Dlí Idirnáisiúnta Phríobháidigh

10 Foráiltear le hAirteagal 22 den Dlí maidir le Cód an Dlí Idirnáisiúnta Phríobháidigh an 16 Iúil 2004 (*Moniteur belge* an 27 Iúil 2004, lch. 57344), dar teideal 'Aitheantas agus dearbhú um infhorghníomhaitheacht cinntí breithiúnacha eachtracha':

'1. Dearbhófar breithiúnas eachtrach is infhorghníomhaithe sa Stát inar tugadh é a bheith infhorghníomhaithe sa Bheilg, go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23.

Aithneofar breithiúnas eachtrach sa Bheilg, go hiomlán nó go páirteach, gan dul ar iontaoibh an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23.

Má bhíonn toradh imeachtaí i gcúirt na Beilge ag brath ar cheist theagmhasach aithinte a chinneadh, beidh dlínse ag an gcúirt sin ar an gceist sin.

Ní fhéadfar an cinneadh a aithint ná a dhearbhú mar infhorghníomhaithe ach amháin mura sáraíonn sí coinníollacha Airteagal 25.

2. Féadfaidh aon duine a bhfuil leas aige ann [...], i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23, dearbhú a fháil go bhfuil an breithiúnas le haithint nó le dearbhú go bhfuil sé infhorghníomhaithe, go hiomlán nó go páirteach, nó nach féidir é a aithint ná a dhearbhú infhorghníomhaithe.

3. Chun críocha an dlí seo;

(1) ciallaíonn an téarma "cinneadh breithiúnach" aon chinneadh a dhéanann údarás a fheidhmíonn dlínse;

(2) leis an aitheantas, tugtar stádas dlí don mhéid a cinneadh thar lear.'

Na rialacha arna leagan síos ag FIFA

Reachtanna FIFA

11 Is comhlachas dlí phríobháidigh é FIFA a bhfuil a oifig chláraithe in Zurich (an Eilvéis).

12 De réir Airteagal 2 de Reachtanna FIFA, in eagrán mhí na Bealtaine 2024, a chomhfhreagraíonn, go bunúsach agus faoi réir athuimhríochta, d'eagráin bhliantúla na reachtanna sin roimhe, is é is cuspóir don chomhlachas sin, *inter alia*, 'rialacha agus forálacha a leagan síos lena rialaítear an

sacar agus na hábhair lena mbaineann agus a chinntiú go bhforghníomhófar iad' agus, 'an sacar de gach cineál a rialú trí aon bheart a ghlacadh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach nó inmholta chun sárú ar reachtanna, rialacha agus chinntí FIFA agus ar rialacha an chluiche a chosc' ar an leibhéal domhanda.

13 I gcomhréir le hAirteagail 11 agus 14 de na reachtanna sin, féadfaidh aon 'chomhlachas atá freagrach as eagrú agus rialú sacair' i dtír ar leith a bheith ina chomhalta de FIFA ar choinníoll, *inter alia*, go ngeallann sé roimh ré reachtanna, rialacha, treoracha agus cinntí FIFA a chomhlíonadh. Mar chomhalta de FIFA, tá sé d'oibleagáid ar chomhaltas den sórt sin, faoi Airteagail 14 agus 15 de na reachtanna sin, *inter alia*, a gcomhaltaí féin a spreagadh chun reachtanna, rialacha, treoracha agus cinntí FIFA a chomhlíonadh agus a chinntiú go gcomhlíonann gach páirtí leasmhar sa sacar iad, go háirithe na sraitheanna agus na clubanna atá faoina réir, i gcomhréir le hAirteagal 20 de na reachtanna sin, agus na himreoirí. Thairis sin, ní mór do choiste den sórt sin cinntí na Cúirte Eadrána Spóirt (CES) a chur faoi bhráid na cúirte agus forálacha a leagan síos, ina reachtanna féin, ar dá réir nach mór do na gníomhaithe sin go léir an chúirt sin agus na cinntí sin a aithint go sainráite freisin. Go praiticiúil, tá níos mó ná 200 cumann sacair náisiúnta ina mbaill de FIFA faoi láthair. Áirítear URBSFA ar na comhaltaí sin, a bhfuil a oifig chláraithe sa Bheilg agus arb é is cuspóir dó sacar a eagrú agus a chur chun cinn sa Bhallstát sin.

14 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 44(1) de Reachtanna FIFA, dar teideal 'Comhlachtaí breithiúnacha':

'Is iad seo a leanas comhlachtaí breithiúnacha FIFA:

(a) an Coiste Araíonachta;

[...]

(c) an Bord Achomhairc.'

15 In Airteagal 47 de na Reachtanna sin, dar teideal 'an Bord Achomhairc', sonraítear an méid seo a leanas:

'1. Déanfar oibriú an Bhoird Achomhairc a rialú le Cód Araíonachta FIFA agus le Cód Eitice FIFA.

2. Déileálfaidh an Bord Achomhairc le hachomhairc arna dtionscnamh i gcoinne chinntí an Choiste Araíonachta nach ndearbhaítear leis na reachtanna seo agus le rialacháin FIFA go bhfuil siad críochnaitheach.

3. Beidh cinntí an Bhoird Achomhairc críochnaitheach agus ina gceangal ar na páirtithe leasmhara go léir, faoi réir achomharc chuig an gCúirt Eadrána Spóirt (CES).'

16 I Roinn IX de na reachtanna sin, dar teideal 'Eadráin', tá na hAirteagail seo a leanas:

'Airteagal 49. Cúirt Eadrána Spóirt (CES)

1. Aithníonn FIFA gur féidir dul ar iontaoibh na Cúirte Eadrána Spóirt (CES), cúirt eadrána neamhspleách atá bunaithe in Lausanne (an Eilvéis), i gcás díospóid idir FIFA, comhlachais is comhaltaí, cónaidhmeanna, sraitheanna, clubanna, imreoirí, oifigigh, gníomhairí agus eagraithe cluichí.

2. Rialaítear imeachtaí eadrána le forálacha Chód Eadrána Spóirt CES. Cuireann CES Rialacháin éagsúla FIFA agus dlí na hEilvéise i bhfeidhm ar bhonn forlíontach ar dtús.

[...]

Airteagal 50. Dlínse CES

1. Ní mór aon achomharc i gcoinne cinntí a rinne FIFA agus a orgáin ag an gcéim dheiridh a thaisceadh le CES [...]

[...]

4. Níl éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Féadfaidh comhlacht cinnteoireachta FIFA inniúil, nó, i gcás inarb iomchuí, CES, éifeacht fionraíochta a thabhairt don achomharc.

[...]

Airteagal 51. Oibleagáidí a bhaineann le réiteach díospóidí

1. Gabhann cónaidhmeanna, comhlachais is comhaltaí agus sraitheanna orthu féin aitheantas a thabhairt do CES mar chomhlacht breithiúnach neamhspleách. Geallann siad gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go rachaidh a gcomhaltaí, a n-imreoirí agus a n-oifigigh faoi eadráin ag CES. [...]

2. Tá cosc ar dhul i muinín gnáthchúirteanna dlí mura bhforáiltear go sonrach dó i rialacháin FIFA. Tá cosc freisin ar dhul i muinín na ngnáthchúirteanna dlí le haghaidh gach cineáil birt shealadaigh.

3. Cuirfidh na comhlachais clásal ina reachtanna nó ina rialacháin, lena sonrófar go bhfuil cosc ar dhíospóidí sa chomhlachas nó ar dhíospóidí a dhéanann difear do shraitheanna, do bhaill de shraitheanna, do chlubanna, do bhaill de chlubanna, d'imreoirí, d'oifigigh agus d'oifigigh comhlachas eile a thabhairt chuig gnáthchúirteanna dlí, mura bhforáiltear go sonrach le rialacháin FIFA nó le forálacha dlíthiúla ceangailteacha do dhul ar iontaoibh gnáthchúirteanna dlí nó mura sonraítear amhlaidh. In ionad dul ar iontaoibh gnáthchúirteanna dlí, déanfar socrú le haghaidh eadrána. Tabharfar díospóidí den sórt sin chuig binse eadrána neamhspleách arna chomhdhéanamh go cuí agus a aithnítear faoi rialacha an chumainn nó na cónaidhme nó chuig CES.

Áiritheoidh na comhlachais freisin go gcuirfear an coinníoll sin chun feidhme sa chomhlachas, trí oibleagáid cheangailteach a fhorchur ar a bhaill más gá. Forchuirfidh na comhlachais smachtbhannaí ar aon pháirtí nach n-urramóidh an oibleagáid sin agus áiritheoidh siad go gcuirfear aon achomharc i gcoinne na smachtbhannaí sin chun eadrána go docht ar an gcaoi chéanna, agus ní chun gnáthchúirteanna dlí.'

Rialacháin maidir le stádas agus aistriú na n-imreoirí

17 An 22 Márta 2014, ghlac FIFA rialacháin dar teideal 'Rialacháin maidir le Stádas agus Aistriú Imreoirí', a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014. Leis na Rialacháin sin, déantar rialacháin a bhí ann roimhe sin leis an teideal céanna a aisghairm agus a ionadú, a fógraíodh an 5 Iúil 2001.

18 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 1(1) de na Rialacháin sin, dar teideal 'Raon feidhme':

'Leagtar síos leis na Rialacháin seo rialacha uilíocha ceangailteacha maidir le stádas na n-imreoirí agus a gcáilíochtaí chun páirt a ghlacadh sa sacar eagraithe agus maidir lena n-aistriú idir clubanna de chuid comhlachais éagsúla.'

19 Leasaíodh na Rialacháin chéanna i mí na Nollaig 2014 ('RSTJ'). Áirítear leis na forálacha a eascraíonn as an leasú sin, *inter alia*, Airteagal 18a de RSTJ, dar teideal 'Tionchar tríú páirtí ar chlubanna', lena bhforáiltear:

'1. Ní fhéadfaidh aon chlub conradh a shíniú lena gcumasaítear don chlub freasúra nó do na clubanna freasúracha, agus *vice versa*, nó d'aon pháirtí nó tríú páirtithe eile, an cumas tionchar a imirt ar neamhspleáchas nó ar bheartas an chlub nó ar fheidhmíocht a fhoirne a fháil le linn na hoibre nó aistriú a dhéanamh.

2. Féadfaidh Coiste Araíonachta FIFA smachtbhannaí a fhorchur ar chlubanna nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo.'

20 Áirítear leis na forálacha sin freisin Airteagal 18b de RSTJ, dar teideal 'Úinéireacht chearta eacnamaíocha na n-imreoirí ag tríú páirtithe', a bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas ann:

'1. Ní fhéadfaidh aon chlub ná imreoir comhaontú a shíniú le tríú páirtí á chumasú don tríú páirtí sin cúiteamh is iníoctha i ndáil le himreoir a aistriú amach anseo ó chlub amháin go club eile a éileamh, go páirteach nó go hiomlán, ná aon cheart a dheonú dó i ndáil le haistriú nó cúiteamh aistrithe sa todhchaí.

2. Tiocfaidh an toirmeasc a leagtar amach i bhfomhír 1 i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2015.

3. Féadfaidh comhaontuithe a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír roimh an 1 Bealtaine 2015 leanúint de bheith bailí go dtí go rachaidh siad in éag go conarthach. Mar sin féin, ní fhéadfar síneadh a chur lena ré.

4. Ní bheidh ré aon chomhaontaithe a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír a shíneofar idir an 1 Eanáir 2015 agus an 30 Aibreán 2015 níos faide ná bliain amháin ón dáta éifeachtach.

5. Faoi dheireadh Aibreán 2015, déanfar gach comhaontú atá ann cheana agus a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír a chur isteach sa [Chóras Rialála Aistrithe (TMS)]. Ceanglaítear ar gach club a shínigh comhaontuithe den sórt sin iad a uaslódáil ina n-iomláine, lena n-áirítear iarscríbhinní nó leasuithe féideartha, in TMS, ina sonraítear mionsonraí an tríú páirtí lena mbaineann, ainm iomlán an imreora chomh maith le fad an chomhaontaithe.

6. Féadfaidh Coiste Araíonachta FIFA smachtbhannaí a fhorchur ar chlubanna nó ar imreoirí nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar síos san [Airteagal] seo'.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

Cúlra na díospóide sna príomhimeachtaí

Na conarthaí a thugtar i gcrích idir RFC Seraing agus Doyen

21 Is club peile é RFC Seraing arna eagrú mar chuideachta phoiblí theoranta, atá bunaithe sa Bheilg agus atá cleamhnaithe le URBSFA.

22 An 30 Eanáir 2015, thug RFC Seraing an chéad chonradh i gcrích le Doyen Sports Investment Ltd ('Doyen'), cuideachta atá bunaithe i Málta arb é a príomhghníomhaíocht eacnamaíoch cúnamh airgeadais do chlubanna sacair san Eoraip. Ba é cuspóir an chéad chonartha sin, ar an gcéad dul síos, rialú a dhéanamh ar thabhairt i gcrích comhaontuithe maoiniúcháin amach anseo d'imreoirí agus, ar an dara dul síos, cuid de 'chearta eacnamaíocha' RFC Seraing a aistriú chuig Doyen maidir le triúr imreoirí sonracha. Is é is aidhm do na cearta eacnamaíocha sin luach airgeadais na n-imreoirí a léiriú. Tá siad nasctha leis na 'cearta cónaidhme' a fhaigheann club trí imreoir ar leith a earcú, amhail an ceart chun an t-imreoir sin a chlárú nó an ceart chun é a chur chun páirce. Cuireann a bhfeidhmiú ar chumas an chlub a shealbhaíonn iad na suimeanna atá dlite a fháil, mar shampla, i gcás iasacht nó aistriú an imreora sin, i leith shaothrú nó aistriú a chearta íomhá nó mar gheall ar fhoirceannadh a chonartha.

23 Faoin gcéad chomhaontú sin, arbh é an 1 Iúil 2018 a théarma, tháinig Doyen chun bheith ina úinéir ar 30 % de chearta eacnamaíocha RFC Seraing maidir leis na triúr imreoirí lena mbaineann agus, mar mhalairt air sin, d'íoc sé suim EUR 300 000 leis. Ó thaobh RFC Seraing de, chuir sé cosc air féin an chuid eile dá chearta eacnamaíocha ar na himreoirí sin a aistriú 'go neamhspleách agus go huathrialach' chuig tríú páirtí.

24 An 7 Iúil 2015, thug RFC Seraing agus Doyen an dara conradh i gcrích (le chéile, leis an gcéad chonradh, 'na conarthaí atá i gceist sna príomhimeachtaí'). Rinneadh foráil sa chonradh sin maidir le 25 % de na cearta eacnamaíocha atá i seilbh RFC Seraing maidir le ceathrú himreoir a aistriú chuig Doyen, i gcomaoin ar íocaíocht EUR 50 000 ag Doyen.

Imeachtaí araíonachta agus eadrána san Eilvéis

25 Tar éis imscrúdú a dhéanamh, thionscain FIFA, le cúnamh ó URBSFA, imeachtaí araíonachta i gcoinne RFC Seraing, an 2 Iúil 2015, maidir le sárú féideartha ar Airteagail 18a agus 18b de RSTJ mar gheall ar thabhairt i gcrích na gconarthaí atá i gceist sna príomhimeachtaí.

26 An 4 Meán Fómhair 2015, ghlac Coiste Araíonachta FIFA cinneadh ('cinneadh Choiste Araíonachta FIFA') á rá gur dhearbhaigh sé, ar an gcéad dul síos, gur sháraigh RFC Seraing Airteagail 18a agus 18b de RSTJ trí na conarthaí atá i gceist sna príomhimeachtaí a thabhairt i gcrích. Ina theannta sin, chuir an coiste sin cosc ar an gclub sin imreoirí a chlárú ar feadh ceithre thréimhse chlárúcháin as a chéile, bíodh sin ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ar deireadh, ghearr an coiste sin fíneáil de CHF 150 000 (thart ar EUR 138 000 i gcomhréir leis an ráta malairte is infheidhme ag an am), a bhí iníoctha laistigh de 30 lá tar éis fógra a thabhairt faoina chinneadh.

27 An 30 Samhain 2015, rinne RFC Seraing achomharc i gcoinne an chinnidh sin chuig Bord Achomhairc FIFA. An 3 Nollaig 2015, d'iarr an club sin ar an gcoiste sin freisin, i bhfianaise easpa éifeacht fionraíochta achomhairc den sórt sin, oibriú an chinnidh sin a chur ar fionraí. An 4 Nollaig 2015, dheonaigh Cathaoirleach an Bhoird Achomhairc an iarraidh sin.

28 An 7 Eanáir 2016, dhíbh Bord Achomhairc FIFA an t-achomharc a rinne RFC Seraing i gcoinne chinneadh Choiste Araíonachta FIFA ('cinneadh Bhord Achomhairc FIFA').

29 An 9 Márta 2016, thionscain RFC Seraing achomharc os comhair CES chun cinneadh Bhord Achomhairc FIFA a chur ar neamhní. An 17 Márta 2016, d'iarr an club sin ar an gcomhlacht sin freisin, i bhfianaise easpa éifeacht fionraíochta achomhairc den sórt sin, go dtabharfaí éifeacht fionraíochta dó, de bhun Airteagal 50 de Reachtanna FIFA. An 12 Aibreán 2016, dheonaigh an comhlacht sin an iarraidh sin.

30 I gcomhthéacs an achomhairc sin, mhaígh RFC Seraing, go bunúsach, go bhfuil cinneadh Bhord Achomhairc FIFA agus na smachtbhannaí araíonachta a fhorchuirtear air leis an gcinneadh sin neamhdhleathach ar an bhforas go bhfuil na forálacha ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe iad féin neamhdhleathach. I ndáil leis sin, d'áitigh an club sin, go háirithe, go sáraítear le hAirteagail 18a agus 18b de RSTJ, a mhéid a leagtar síos leo toirmeasc iomlán ar chleachtais '*third-party influence*' agus '*third-party ownership*', lena ngabhann smachtbhannaí araíonachta, dlí an Aontais agus, go háirithe, saorghluaiseacht oibrithe, an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus saorghluaiseacht caipitil a ráthaítear le hAirteagail 45, 56 agus 63 CFAE faoi seach agus na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 101 agus 102 CFAE. Líomhain sé freisin gur sáraíodh rialacha iomaíochta na hEilvéise.

31 An 9 Márta 2017, d'eisigh CES dámhachtain eadrána ('dámhachtain CES') inar chinn sé, go háirithe, maidir leis an dlí is infheidhme maidir leis an díospóid, gur rialacháin FIFA, dlí na hEilvéise agus dlí an Aontais a bhí sa dlí sin. Maidir leis an gceann deireanach sin, mheas an comhlacht sin, ar an gcéad dul síos, gur comhlíonadh na coinníollacha carnacha lena gceanglaítear air na saoirsí gluaiseachta agus na rialacha iomaíochta a chur san áireamh ina scrúdú, mar 'forálacha sainordaitheacha de dhlí seachas [dlí na hEilvéise]', de réir bhrí dhlí na hEilvéise. Dar leis go measann an Chúirt gur cuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh iad na forálacha lena leagtar amach na saoirsí agus na rialacha sin. Ina dhiaidh sin, tá dlúthnasc idir ábhar na díospóide agus na forálacha sin i bhfianaise, ar an gcéad dul síos, thionchar soiléir RSTJ ar chríoch an Aontais Eorpaigh agus, go sonrach, ar ghníomhaíocht clubanna sacair atá bunaithe sna Ballstáit, agus, ar an dara dul síos, i bhfianaise thionchar chinneadh Bhord Achomhairc FIFA maidir leis an bhféidearthacht, i gcás RFC Seraing, páirt a ghlacadh i gcomórtais sacair idirchlub a eagraítear sa chríoch sin. Ar deireadh, roinneann dlíchóras na hEilvéise na leasanna agus na luachanna a chosnaítear leis na forálacha sin.

32 Sa dara háit, maidir le substaint na díospóide, mheas CES, *inter alia*, nár léirigh RFC Seraing gur sháraigh Airteagail 18a agus 18b de RSTJ rialacha iomaíochta na hEilvéise. Chuir an comhlacht sin as an áireamh freisin sárú ar dhlí an Aontais agus, go sonrach, ar Airteagail 45, 56, 63, 101 agus 102 CFAE.

33 Ar an gcéad dul síos, maidir leis na saoirsí gluaiseachta, mheas CES, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, gur chuir Airteagal 18a agus Airteagal 18b de RSTJ bac ar shaorghluaiseacht caipitil. Ina dhiaidh sin, mheas an comhlacht sin nach raibh tionchar diúltach líomhainte na n-airteagal sin ar shaorghluaiseacht oibrithe agus ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar léirithe go leordhóthanach agus, in aon chás, go raibh sé teoranta. Ar deireadh, thug an comhlacht sin faoi

deara, gan beann ar an tsaoirse a breithníodh, go raibh údar leis na hairteagail sin a bheith ann, in aon chás, chun cuspóirí dlisteanacha spóirt a shaothrú ar mhaithe leis an leas ginearálta, go háirithe maidir le sláine comórtas a chaomhnú, agus gur léirigh scrúdú ar a n-inneachar ní hamháin go raibh siad oiriúnach chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ach freisin nach ndeachaigh siad thar a raibh riachtanach agus comhréireach chun na críche sin.

34 Ar an dara dul síos, maidir le rialacha iomaíochta an Aontais, mheas CES, ar an gcéad dul síos, nach raibh sé de chuspóir ag Airteagail 18a agus 18b de RSTJ srian a chur ar iomaíocht, ach cuspóirí dlisteanacha leas poiblí an spóirt dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a shaothrú. Ar an dara dul síos, mheas sé nár léirigh RFC Seraing go raibh an éifeacht iarbhír nó fhéideartha ag na hairteagail sin iomaíocht a shrianadh.

35 Sa tríú háit, dheimhnigh TAS an fhíneáil a gearradh ar RFC Seraing agus an toirmeasc ar imreoirí a chlárú a forchuireadh ar RFC Seraing, agus fad an toirmisc sin a laghdú go trí thréimhse chlárúcháin as a chéile.

36 Sa cheathrú háit agus ar deireadh, chinn CES, i bhfianaise na mbeart baic agus fionraí a ghlac Bord Achomhairc FIFA i ndiaidh a chéile agus as féin, go mbeadh na pionóis araíonachta sin infheidhme ón dáta a tugadh fógra faoi dhámhachtain do RFC Seraing, go gcaithfí an fhíneáil a íoc laistigh de 30 lá tar éis an fhógra sin agus an toirmeasc ar chlárú chun na tréimhsí clárúcháin a bheidh ar siúl i samhradh 2017, i ngeimhreadh 2017/2018 agus i samhradh 2018 a chumhdach.

37 An 15 Bealtaine 2017, thug RFC Seraing caingean os comhair Chúirt Chónaidhme na hEilvéise i gcoinne dhámhachtain CES. Ina theannta sin, d'iarr sé ar an gcúirt sin éifeacht fionraíochta a thabhairt don chaingean sin.

38 Le hordú an 7 Lúnasa 2017, dhiúltaigh Uachtarán na Cúirte Cónaidhme don iarraidh sin ar éifeacht fionraíochta.

39 Mar thaca lena chaingean, d'ardaigh RFC Seraing, *inter alia*, pléadáil ina líomhnaítear nach raibh dámhachtain CES ag luí le 'beartas poiblí substainteach' de réir bhrí dhlí na hEilvéise. I ndáil leis sin, mhaígh an club sin arís, go háirithe, gur sháraigh an dámhachtain sin saorghluaiseacht oibrithe, an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus saorghluaiseacht caipitil a ráthaítear le hAirteagail 45, 56 agus 63 CFAE faoi seach, na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 101 agus 102 CFAE agus rialacha iomaíochta na hEilvéise.

40 Ina bpléadálacha nó ina mbarúlacha faoi seach, d'áitigh FIFA agus CES gur cheart caingean RFC Seraing a dhíbhe.

41 Le breithiúnas an 20 Feabhra 2018, rinne an Chúirt Chónaidhme an chaingean sin a dhíbhe. Maidir le saincheist dlí RFC Seraing lena n-éilítear go raibh dámhachtain CES ar neamhréir le beartas poiblí substainteach agus, go háirithe, leis na rialacha iomaíochta agus leis na saoirsí gluaiseachta, mheabhraigh an chúirt sin, ar an gcéad dul síos, a cásdlí bunaithe ina leith sin. Leanann sé as an mbreithiúnas sin, ar an gcéad dul síos, nach féidir a mheas go bhfuil dámhachtain eadrána ar neamhréir le beartas poiblí substainteach ach amháin má dhéanann sí neamhaird, de bharr a toraidh agus ní hamháin de bharr a fhorais, ar na luachanna fíor-riachtanacha a aithnítear go forleathan ar cheart dóibh, de réir na dtuairimí atá i réim san Eilvéis, a bheith mar bhunús le haon dlíchóras. Ar an dara dul síos, glactar leis le sárú den sórt sin

go sáraítear leis an dámhachtain sin bunphrionsabail an dlí shubstaintigh a mhéid nach féidir í a réiteach a thuilleadh leis an dlíchóras agus leis an gcóras luachanna atá cinntitheach. Ar an tríú dul síos, ní cuid den bheartas poiblí substainteach iad na rialacha iomaíochta.

42 Sa dara háit, dúirt an chúirt sin, go bunúsach, gur ghá, in aon chás, diúltú don tsaincheist lena líomhnaítear nach raibh dámhachtain CES ag luí le beartas poiblí substainteach toisc í a bheith do-ghlactha sa chás seo, a mhéid a bhaineann sí le dlí an Aontais agus le rialacha iomaíochta na hEilvéise, toisc nár chomhlíon sí an ceanglas cúiseanna a lua is infheidhme maidir le caingne i gcoinne dámhachtain eadrána.

Imeachtaí breithiúnacha sa Bheilg

43 An 3 Aibreán 2015, is é sin le rá, sular thionscain FIFA, Doyen agus an comhlachas neamhbhrabúis a bunaíodh faoi dhlí na Beilge RFC sérésien, atá i gceannas ar RFC Seraing, imeachtaí i gcoinne FIFA, UEFA agus URBSFA os comhair an tribunal de commerce francophone de Bruxelles (Cúirt Tráchtála na Fraince, an Bhruiséil, an Bheilg).

44 An 8 Iúil 2015, is é sin le rá, tar éis thionscnamh na n-imeachtaí araíonachta sin ach sular glacadh cinneadh Choiste Araíonachta FIFA, rinne RFC Seraing idirghabháil go deonach sna himeachtaí, ag iarraidh ar an gcúirt sin a dhearbhú nár chomhlíon an toirmeasc iomlán ar '*third-party influence*' agus '*third-party ownership*' a leagtar síos in Airteagail 18a agus 18b dlí an Aontais, go háirithe Airteagail 45, 56, 63, 101, 102, 101 agus 102 CFAE. Ina theannta sin, d'iarr an club sin ar an gcúirt sin a dhearbhú go bhfuil aon fhoráil lena bhforchuirtear toirmeasc iomlán den sórt sin ar neamhní, urghairí éagsúla a eisiúint i gcoinne FIFA, UEFA agus URBSFA, agus suim shealadach EUR 500 000 a dhámhachtain dó mar chúiteamh as na cineálacha damáiste éagsúla a líomhnaítear a bhain dó mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagail 18a agus 18b de RSTJ.

45 An 17 Samhain 2016, thug an tribunal de commerce francophone de Bruxelles (Cúirt Tráchtála Fraincise, an Bhruiséil) breithiúnas inar dhearbhaigh sí, *inter alia*, nach raibh aon dlínse aici éilimh éagsúla RFC Seraing a éisteacht.

46 An 19 Nollaig 2016, is é sin le rá, tar éis ghlacadh chinneadh Choiste Araíonachta FIFA agus chinneadh Bhord Achomhairc FIFA, ach sular fógraíodh dámhachtain CES, rinne RFC Seraing achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg).

47 I gcomhthéacs an achomhairc sin, mhaígh an club sin, go háirithe, gur bhain cineálacha damáiste éagsúla dó mar gheall ar earráid a rinne FIFA le cúnamh ó URBSFA, arb é a bhí ann, go bunúsach, Airteagail 18a agus 18b de RSTJ a chur i bhfeidhm ina leith, ar dtús trí imeachtaí araíonachta a thionscnamh, trína chur ina leith gur sháraigh sé na toirmisc a leagtar síos leis na hAirteagail sin, agus ar deireadh trí smachtbhannaí araíonachta a fhorchur air. Cuirtear na himeachtaí araíonachta sin, na cinntí sáraithe sin agus na pionóis araíonachta sin ó bhail toisc go sáraíonn Airteagail 18a agus 18b de RSTJ, ar a bhfuil siad bunaithe, dlí an Aontais, go háirithe Airteagail 45, 56, 63, 101 agus 102 CFAE.

48 An 12 Nollaig 2019, is é sin le rá, tar éis dhámhachtain TAS agus breithiúnas Chúirt Uachtarach na Cónaidhme dá dtagraítear i mír 41 den bhreithiúnas seo a thabhairt, thug an cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) breithiúnas ('breithiúnas Chúirt Achomhairc na Bruiséile') inar dhiúltaigh sí d'éilimh uile RFC Seraing.

49 Sa bhreithiúnas sin, chinn an Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil), ar an gcéad dul síos, go raibh pléadálacha RFC Seraing gur sháraigh Airteagail 18a agus 18b de RSTJ dlí an Aontais ardaithe ag an gclub sin os comhair CES cheana féin, i gcomhthéacs na díospóide idir é agus FIFA, agus diúltaíodh dóibh i ndámhachtain CES. De réir an cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil), ní mór a mheas, i bhfianaise Airteagail 24 agus 28 agus Airteagal 1713(9) den Chód Breithiúnach, go bhfuil na héifeachtaí céanna ag dámhachtain CES agus atá ag cinneadh cúirte sa chaidreamh idir na páirtithe, go bhfuil feidhm *res judicata* aige ó dháta a fhógartha agus go bhfuil feidhm *res judicata* bainte amach aige amhail ón dáta a dhíbheann an Chúirt Chónaidhme an chaingean arna tionscnamh ina choinne. Dá bhrí sin, tháinig an cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) ar an gconclúid go raibh na saincheisteanna atá i gceist do-ghlactha a mhéid a bhí siad dírithe i gcoinne FIFA.

50 Ar an dara dul síos, thug an cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) faoi deara, go bunúsach, ón tráth a aithnítear go bhfuil feidhm *res judicata* ag cinneadh breithiúnach nó dámhachtain eadrána sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid, nach mór, dá bhrí sin, i ndáil le tríú páirtithe sa díospóid sin, a bhfuil sí infhorfheidhmithe ina coinne, an luach cruthúnais a ghabhann leis an údarás sin a thabhairt di. Sa chás seo, dar leis an gcúirt sin, tá luach cruthúnais ag dámhachtain CES maidir le URBSFA, nach raibh ina pháirtí sa díospóid idir RFC Seraing agus FIFA os comhair CES. I bhfianaise an luacha cruthúnais sin, is faoi RFC Seraing, a mhéid a chuireann an club sin locht ar URBSFA freisin, an toimhde a fhrisnéis, bunaithe ar dhámhachtain TAS, go bhfuil míreanna 18a agus 18b de RSTJ i gcomhréir le dlí an Aontais. Níor chomhlíon an club sin an oibleagáid sin, áfach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an chúirt sin do na pléadálacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo toisc iad a bheith gan bhunús a mhéid a díríodh iad i gcoinne URBSFA.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

51 Rinne RFC Seraing achomharc ar phointe dlí os comhair an Cour de cassation (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Bheilg), arb í an chúirt a rinne an tarchur, i gcoinne bhreithiúnas an Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhrúiséil).

52 San ordú tarchuir, sonraíonn an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh) go n-ardaíonn na forais achomhairc a chuir RFC Seraing faoina bhráid dhá cheist maidir le léiriú dhlí an Aontais a mheasann sé gur gá iad a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

53 Sa chéad áit, áitíonn RFC Seraing, lena chéad fhoras achomhairc, gur sháraigh an Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil), *inter alia*, an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, Airteagal 267 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt trína fhorais achomhairc a dhiúltú toisc iad a bheith do-ghlactha a mhéid a díríodh iad i gcoinne FIFA. Bhí an chúirt sin mícheart a mheas gur ghá a aithint go raibh feidhm *res judicata* ag dámhachtain CES, maidir le FIFA, a mhéid a baineadh de thátal as an dámhachtain sin go raibh Airteagail 18a agus 18b de RSTJ ag luí le dlí an Aontais.

54 Maidir leis sin, dar leis gur fíor go leanann sé as an gcásdlí a eascraíonn as breithiúnais an 23 Márta 1982, *Nordsee* (102/81, EU:C:1982:107), agus an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158), cé go bhfuil an deis ag daoine aonair comhaontú a thabhairt i gcrích lena gcuirtear díospóidí ina gcoinne faoi bhráid comhlacht eadrána, nár cheart dó an bonn a bhaint d'urramú iomlán, léiriú comhsheasmhach agus cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí an Aontais ar chríoch an Aontais. Thairis sin, tugtar le tuiscint le ceanglas den sórt sin féin go bhféadfaidh na

cúirteanna náisiúnta inniúla rialú a thabhairt ar na ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais atá i gceist, trí tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, más gá, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú do dhaoine aonair.

55 Ina theannta sin, is léir, go bunúsach, ó bhreithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Avio Lucos* (C-116/20, EU:C:2022:273), cé nach gceanglaítear le dlí an Aontais, i ngach cás, ar na cúirteanna náisiúnta inniúla rialacha an dlí náisiúnta lena dtugtar feidhm *res judicata* do chinneadh de chineál breithiúnach a fhágáil gan feidhm, i gcás ina bhféadfaí, leis sin, cás atá ar neamhréir le dlí an Aontais a leigheas, nach mór do na rialacha sin, in aon chás, ceanglais na coibhéise agus na héifeachtachta a chomhlíonadh.

56 Mar sin féin, ní féidir leis an gcásdlí sin freagra a thabhairt ar an gceist, a ardaíodh sa chás seo, an bhfuil sé i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE aitheantas a thabhairt d'fheidhm *res judicata*, amhail idir na páirtithe i ndíospóid atá ar feitheamh os comhair cúirt de chuid Ballstáit, do dhámhachtain eadrána nach bhféadfadh, roimh an aitheantas sin, a bheith faoi réir athbhreithniú ar chomhréireacht le dlí an Aontais ag cúirt nó binse a bhfuil sé de chumhacht aici nó aige tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt de bhun Airteagal 267 CFAE, cé go dtugtar breith leis an dámhachtain eadrána sin maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais.

57 Sa dara háit, áitíonn RFC Seraing, lena thríú foras achomhairc, gur sháraigh an Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil), *inter alia*, an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, Airteagal 267 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt trína fhorais achomhairc a dhiúltú toisc iad a bheith do-ghlactha a mhéid a díríodh iad i gcoinne URBSFA. Bhí an chúirt sin mícheart a mheas gur ghá a aithint go raibh an luach cruthúnais atá ag gabháil le feidhm *res judicata* ag dámhachtain CES, maidir le URBSFA, a mhéid a thángthas ar an gconclúid sa dámhachtain sin go raibh Airteagail 18a agus 18b de RSTJ ag luí le dlí an Aontais.

58 I ndáil leis sin, tar éis a thabhairt faoi deara gur ábhar beartais phoiblí é an sárú ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE d'fhéadfadh a bheith ina chúis, ann féin, le breithiúnas an Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Bhruiséil) a chur ar ceal, tugann an Cour de cassation (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) faoi deara go bhfuil sé i gceist le scrúdú na saincheiste sin rialú a dhéanamh an bhfuil sé i gcomhréir leis an bhforáil sin luach fianaise a thabhairt, *vis-à-vis* tríú páirtithe, i ndíospóid atá ar feitheamh os comhair cúirt de chuid Ballstáit, do dhámhachtain eadrána nach raibh faoi réir athbhreithniú roimhe sin ar chomhréireacht le dlí an Aontais ag cúirt nó binse a bhfuil sé de chumhacht aici tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt faoi Airteagal 267 CFAE, cé go rialaíonn an dámhachtain eadrána sin maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais.

59 Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'1. An gcuirtear toirmeasc le hAirteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, ar chur i bhfeidhm forálacha dlí náisiúnta amhail Airteagal 24 agus 171[3](9) de Chód Breithiúnach na Beilge lena bhféachtar le héifeacht a thabhairt don phrionsabal *res judicata*, maidir le dámhachtain eadrána, arbh í a dhearna an grinnscrúdú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais [...] ná cúirt Stáit nach Ballstát an Aontais é, nach bhfuil cead aici ceist a tharchur le haghaidh réamhrialú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh?

2. An gcuirtear toirmeasc le hAirteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 [CFAE] agus Airteagal 47 den Chairt [...], ar chur i bhfeidhm riail dlí náisiúnta lena ndéantar go bhfuil ag dámhachtain eadrána ualach cruthúnais i ndáil le tríú páirtithe, mura bhfuil aon fhianaise ann dá mhalairt a dhlitear orthu a sholáthar, arbh í a dhearna an grinnscrúdú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais ná cúirt Stáit nach Ballstát an Aontais é, nach bhfuil cead aici ceist a tharchur le haghaidh réamhrialú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Réamhbhreithnithe

60 Mar is léir ó fhoclaíocht na gceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus ón réasúnaíocht is bonn leo, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur den Chúirt Bhreithiúnais faoin léiriú ar Airteagal 19 CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus le hAirteagal 47 den Chairt, chun a chinneadh an gcuirtear cosc leis na forálacha sin ar chur i bhfeidhm, ar dhámhachtain eadrána arna heisiúint ag CES agus arna deimhniú ag an gCúirt Chónaidhme, ar an gcéad dul síos, forálacha náisiúnta lena mbronntar feidhm *res judicata* ar an gcaidreamh idir na páirtithe sa díospóid agus, ar an dara dul síos, rialach náisiúnta lena dtugtar luach cruthúnais dóibh i leith tríú páirtithe mar gheall ar an bhfeidhm sin.

61 Mar sin féin, iarrann roinnt rannpháirtithe sna himeachtaí ar an gCúirt, go bunúsach, forálacha nó rialacha an dlí náisiúnta a chur san áireamh ina scrúdú, seachas iad siúd a ndearna an chúirt a rinne an tarchur tagairt shonrach dóibh ina ceisteanna.

62 Go háirithe, chuir Rialtas na Beilge in iúl, ina bharúlacha i scríbhinn, cé go bhforáiltear le hAirteagal 1713(9) den Chód Breithiúnach go bhfuil na héifeachtaí céanna ag dámhachtain eadrána, idir na páirtithe, agus atá ag cinneadh breithiúnach, lena n-áirítear *res judicata* dá dtagraítear in Airteagal 24 den Chód sin, nach mór an dámhachtain eadrána sin a ionchorprú fós i ndlíchóras na Beilge, i gcomhréir le hAirteagail 1720 agus 1721 den Chód sin, lena bhforáiltear don nós imeachta a bhaineann le dámhachtainí eadrána a aithint agus a fhorghníomhú sa Bheilg.

63 Ag an éisteacht, chuir an rialtas sin in iúl, sa chomhthéacs sin, go bhfuil trí bhealach ann chun agóid a dhéanamh i gcoinne dámhachtain eadrána os comhair chúirteanna na Beilge. Ar an gcéad dul síos, i gcás ina gcuirfidh páirtí iarratas ar aitheantas do dhámhachtain eadrána sa Bheilg faoi bhráid na cúirte céadchéime inniúla, ar bhonn Airteagail 1720 agus 1721 den Chód Breithiúnach, féadfaidh an chúirt sin, arna iarraidh sin don pháirtí eile nó uaithi féin, diúltú an chéad éileamh a dheonú má tá an dámhachtain sin contrártha leis an mbeartas poiblí. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh páirtí ar mian leis aithint dámhachtana eadrána a sheachaint, ar bhonn na bhforálacha céanna, iarratas ar neamhaithint na dámhachtana sin a chur faoi bhráid na cúirte sin. Ar deireadh, cé nach bhforáiltear dó sin go sainráite in Airteagal 1721 den Chód Breithiúnach, d'fhéadfaí neamhaitheantas dámhachtana eadrána a iarraidh nó a chinneadh *ex officio* fiú, go teagmhasach, aon uair a agraítear dámhachtain den sórt sin in imeachtaí os comhair cúirt náisiúnta, mar a fhoráiltear in Airteagal 22 den Dlí maidir leis an gCód Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach le haghaidh cinntí breithiúnacha eachtracha.

64 Dála Rialtas na Beilge, iarrann FIFA agus, go bunúsach, UEFA, ar an gCúirt na forálacha náisiúnta a bhaineann leis an nós imeachta chun dámhachtainí eadrána eachtracha a aithint agus a fhorfheidhmiú sa Bheilg a chur san áireamh.

65 Chomh maith leis sin, ceistíonn an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Gearmáine, go bunúsach, iomláine chur i láthair, san ordú tarchuir, na bhforálacha náisiúnta a bhféadfadh feidhm a bheith acu sa chás seo, agus é á chur in iúl acu go bhfuil an Chúirt faoi cheangal i bprionsabal ag léiriú an dlí náisiúnta arna ghlacadh ag an gcúirt a rinne an tarchur ina hiarraidh ar réamhrialú.

66 I ndáil leis sin, is cásdlí socair é, in imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, go bhfuil dlínse ag an gcúirt náisiúnta amháin, *inter alia*, an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm (breithiúnais an 4 Meitheamh 2013, *ZZ*, C-300/11, EU:C:2013:363, mír 36, agus an 24 Iúil 2023, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 76). Óna taobh féin de, ní mór don Chúirt rialú a thabhairt maidir le léiriú nó bailíocht fhorálacha dhlí an Aontais ar ina leith a iarrtar uirthi, agus comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna a chuirtear faoina bráid á chur san áireamh, mar atá leagtha amach ag an gcúirt a rinne an tarchur (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Nollaig 2007, *Laval un Partneri*, C-341/05, EU:C:2007:809, mír 47, agus an 24 Feabhra 2022, *Namur-Est Environnement*, C-463/20, EU:C:2022:121, mír 40).

67 Mar thoradh air sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur amháin atá sé na forálacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí a chinneadh agus iad a chur san áireamh a mhéid a mheasann sí gurb iomchuí sin a dhéanamh.

68 Lena ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus le hAirteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc, ar an gcéad dul síos, ar fheidhm *res judicata* a thabhairt do dhámhachtain CES i gcríoch Bhallstáit, sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid ina ndearnadh an dámhachtain sin, i gcás nach ndearna cúirt nó binse náisiúnta a bhfuil sé de chumhacht aici tarchur chun réamhrialú a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú roimhe sin ar chomhoiriúnacht na dámhachtana sin le dlí an Aontais, agus, ar an dara dul síos, go dtugtar luach cruthúnais do dhámhachtain den sórt sin i gcríoch an Bhallstáit chéanna, mar thoradh ar an *res judicata* sin, sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid sin agus tríú páirtithe.

Cosaint bhreithiúnach éifeachtach do dhaoine aonair laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear i gcás dul ar iontaoibh eadrána

69 Is Aontas é an tAontas atá bunaithe ar an smacht reachta, ina bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, mar ráthaíocht ar chosaint na gceart uile atá ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)*, C-619/18, EU:C:2019:531, mír 58, agus an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 51).

70 Sin é an fáth a ráthaítear an ceart sin, a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, do dhaoine aonair freisin, ar leibhéal an Aontais, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus in Airteagal 47 den Chairt, nach mór an fhoráil dheireanach sin a chur san áireamh go cuí chun an chéad fhoráil sin a léiriú (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 66; an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, mír 35, agus an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Ceapachán breithiúna ar an gCúirt Uachtarach – Caingne)*, C-824/18, EU:C:2021:153, mír 143).

71 Le haithint an chirt chun leighis éifeachtaigh a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt, i gcás ar leith, glactar leis, *inter alia*, go ndéanann an duine atá ag brath air cearta nó saoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais a agairt (breithiúnais an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí de chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 34, agus an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, mír 71). Is amhlaidh atá sna príomhimeachtaí ós rud é, mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, go mbraitheann RFC Seraing ar na cearta agus na saoirsí a eascraíonn as Airteagail 45, 56, 63, 101 agus 102 CFAE.

72 Comhfhreagraíonn an ceart sin a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt don oibleagáid a fhorchuirtear ar na Ballstáit, sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá cumhdaithe faoi dhlí an Aontais (breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *État luxembourgeois (An ceart caingean a thionscnamh i gcoinne iarraidh ar fhaisnéis i gcúrsaí cánach)*, C-245/19 agus C-246/19, EU:C:2020:795, mír 47, agus an 1 Lúnasa 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Diúltú mionaoiseach Éigipteach neamhthionlactha a ghabháil ar láimh)*, C-19/21, EU:C:2022:605, mír 36).

73 Fad is a rannchuidíonn Airteagal 47 den Chairt le hurraim a thabhairt don cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil d'aon duine aonair a agraíonn, i gcás ar leith, ceart nó saoirse atá aige faoi dhlí an Aontais, féachann an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE lena áirithiú go ráthaítear leis an gcóras leigheasanna dlí arna bhunú ag aon Bhallstát cosaint bhreithiúnach éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais (breithiúnas an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 52).

74 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an oibleagáid a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ciallaíonn an oibleagáid sin go gcomhlíonann na comhlachtaí uile laistigh de chóras breithiúnach na mBallstát a bhféadfaí a iarraidh orthu, mar 'chúirteanna nó binsí', de réir bhrí dhlí an Aontais, dlí an Aontais a léiriú nó a chur i bhfeidhm, go gcomhlíonann siad na ceanglais is gné dhílis de chosaint bhreithiúnach éifeachtach (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, mír 40, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí de chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 40).

75 Ar an dara dul síos, maidir leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt, ceanglaítear leis an gceart sin, go háirithe, go mbeidh na cúirteanna sin in ann athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh ar na gníomhartha, na bearta nó an t-iompar a líomhnaítear, i gcomhthéacs díospóid ar leith, go ndearna siad dochar do na cearta nó saoirsí a thugtar do dhuine aonair le dlí an Aontais. Tugtar le tuiscint leis an gceanglas sin, i bprionsabal, nach mór dlínse a bheith ag na cúirteanna sin chun scrúdú a dhéanamh ar gach ceist dlí agus fíorais atá ábhartha chun an díospóid sin a réiteach (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *État luxembourgeois (An ceart chun caingean a thionscnamh i gcoinne iarraidh ar fhaisnéis in ábhair chánach)*, C-245/19 agus C-246/19, EU:C:2020:795, mír 66 agus an cásdlí dá dtagraítear).

76 Mar sin féin, ní thugtar le tuiscint le ceachtar den dá fhoráil sin go bhfuil leigheas díreach ag daoine aonair arb é is príomhchuspóir dó agóid a dhéanamh i gcoinne beart ar leith, ar choinníoll, thairis sin, go bhfuil leigheas dlí amháin nó níos mó sa chóras breithiúnach náisiúnta lena mbaineann lena gcuirtear ar a gcumas athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil, go hindíreach, ar an mbeart sin agus, ar an gcaoi sin, urraim do na cearta agus do na saoirsí a ráthaítear dóibh le dlí an Aontais a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Márta 2007,

Unibet, C-432/05, EU:C:2007:163, míreanna 47 agus 49; an 6 Deireadh Fómhair 2020, *État luxembourgeois (An ceart chun caingean a thionscnamh i gcoinne iarraidh ar fhaisnéis i gcúrsaí cánach)*, C-245/19 agus C-246/19, EU:C:2020:795, mír 79, agus an 8 Aibreán 2025, *Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (Athbhreithniú Breithiúnach ar Bhearta Nós Imeachta)*, C-292/23, EU:C:2025:255, mír 79).

77 Ina theannta sin, ní mór do na leigheasanna atá ar fáil sa chóras breithiúnach náisiúnta lena mbaineann a chur ar chumas na cúirte náisiúnta inniúla a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt ar aon cheist a bhaineann le léiriú dhlí an Aontais nó le bailíocht gnímh de dhlí an Aontais, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE. I ndáil leis sin, ní mór a chur in iúl gurb é an nós imeachta um tharchur chun réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE bunchloch chóras breithiúnach an Aontais a bhunaítear leis na Conarthaí lena dtionscnaítear idirphlé idir cúirt amháin agus cúirt eile, go háirithe idir an Chúirt Bhreithiúnais agus cúirteanna agus binsí na mBallstát, arb é is aidhm dó aontacht maidir le léiriú dhlí an Aontais a áirithiú, agus ar an gcaoi sin a chomhsheasmhacht, a lánéifeacht agus a uathriail a áirithiú agus, ar deireadh, cineál sonrach an dlí arna bhunú leis na Conarthaí (Tuairim 2/13 *(Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR)* an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, mír 176, agus breithiúnais an 6 Márta 2018, *Achmea*, C-284/16, EU:C:2018:158, mír 37, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí de chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 73). Dá réir sin, is cuid riachtanach den chóras arna bhunú leis na Conarthaí é an nós imeachta sin um tharchur chun réamhrialú chun a chur ar chumas na gcúirteanna náisiúnta cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú do na cearta atá ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Samhain 2021, *IS (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir)*, C-564/19, EU:C:2021:949, mír 76).

78 É sin ráite, ní chuirtear cosc leis an dlíchóras a bhunaítear leis na Conarthaí, ar bhonn prionsabail, ar dhaoine aonair a thagann faoin dlíchóras sin maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú, laistigh de chríoch an Aontais, díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhthéacs an ghnímh sin a chur faoi réir sásra eadrána.

79 A mhalairt sin, murab ionann agus, ar an gcéad dul síos, tabhairt i gcrích comhaontuithe idir na Ballstáit lena mbunaítear sásraí éigeantacha eadrána lena ndíolmhaítear ó dhlínse a gcúirteanna díospóidí a d'fhéadfadh baint a bheith acu le léiriú nó cur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus, ar an dara dul síos, comhaontuithe eadrána *ad hoc* lena gcumasaítear leanúint ar aghaidh le headráin arna tionscnamh ar bhonn comhaontú den sórt sin, rud a bhfuil diantoirmeasc air (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Márta 2018, *Achmea*, C-284/16, EU:C:2018:158, míreanna 54 agus 55; an 2 Meán Fómhair 2021, *Poblacht na Moldóive*, C-741/19, EU:C:2021:655, mír 59 agus an 26 Deireadh Fómhair 2021, *PL Holdings*, C-109/20, EU:C:2021:875, míreanna 44 agus 45), is féidir, i bprionsabal, daoine aonair dul ar iontaoibh eadrána.

80 Maidir leis sin, mar is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le hAirteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950, nach mór Airteagal 47 den Chairt a léiriú ina fhianaise (breithiúnas an 19 Nollaig 2019, *Deutsche Umwelthilfe*, C-752/18, EU:C:2019:1114, mír 37), ní mór idirdhealú a dhéanamh idir eadráin éigeantach agus eadráin dheonach. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go bhfuil sé de shaoirse ag páirtithe i gconradh cearta áirithe a ráthaítear leis an gcoinbhinsiún sin a tharscaoileadh go deonach, lena n-áirítear an ceart chun díospóidí áirithe a d'fhéadfadh eascairt as comhlíonadh an chonartha sin a chur faoi

bhráid chúirteanna an Stáit, ar choinníoll go bhfuil tarscaoileadh den sórt sin saor, dleathach agus aonchiallach (ECtHR, an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis*, CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, mír 96).

81 Ar an gcaoi chéanna, thug an Chúirt dá haire go bhfuil an deis ag daoine aonair comhaontú a thabhairt i gcrích lena gcuirtear, i dtéarmaí soiléire agus beachta, na díospóidí uile nó cuid de na díospóidí a bhaineann leis sin faoi bhráid comhlacht eadrána, in ionad na cúirte a mbeadh dlínse aici rialú a thabhairt ar na díospóidí sin faoi na forálacha is infheidhme in éagmais comhaontú den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 193).

82 Mar sin féin, a luaithe a bheidh an sásra eadrána arna bhunú nó arna ainmniú ag coinbhinsiún den sórt sin le cur chun feidhme i gcríoch iomlán an Aontais nó i gcuid di, i ndíospóidí a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú sa chríoch sin, ní mór an sásra sin a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé comhoiriúnach leis na prionsabail lena ndéantar struchtúr breithiúnach an Aontais Eorpaigh a struchtúrú agus, ar an dara dul síos, go n-urramaítear beartas poiblí an Aontais go héifeachtach (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, míreanna 188 agus 189).

83 Chuige sin, ní mór a chur in iúl, beag beann ar na rialacha a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir leis an gcomhlacht eadrána a bhfuil dlínse aige faoi shásra eadrána den sórt sin, nach mór na dámhachtainí arna dtabhairt ag an gcomhlacht sin a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach lena bhféadfaí an chosaint bhreithiúnach éifeachtach a bhfuil na daoine aonair lena mbaineann ina teideal a ráthú, faoi Airteagal 47 den Chairt, agus a bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

84 Ní chiallaíonn an ceanglas sin nach mór cumhacht a bheith ag cúirt amháin nó níos mó san Aontas Eorpach scrúdú a dhéanamh ar gach ceist dlí agus fíorais atá ábhartha do réiteach na ndíospóidí ina ndearnadh na dámhachtainí sin, mar a bheadh amhlaidh in éagmais dul ar iontaoibh eadrána, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 75 den bhreithiúnas seo. Go deimhin, i bhfianaise ceart daoine aonair dul ar iontaoibh eadrána, sna himthosca dá dtagraítear i mír 82 den bhreithiúnas sin, agus i bhfianaise na gceanglas a bhaineann le héifeachtacht na n-imeachtaí eadrána, féadfar an t-athbhreithniú breithiúnach ar na dámhachtainí sin a theorannú go dlisteanach (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, mír 35; an 26 Deireadh Fómhair 2006, *Mostaza Claro*, C-168/05, EU:C:2006:675, mír 34, agus an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 193).

85 Mar sin féin, ní mór, in aon chás, go bhféadfadh na daoine aonair lena mbaineann dámhachtainí den sórt sin athbhreithniú a fháil, ó chúirt a chomhlíonann na ceanglais uile a eascraíonn as Airteagal 267 CFAE, an bhfuil dámhachtainí den sórt sin ag luí leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh agus atá ábhartha i gcomhthéacs na díospóide lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, mír 37, agus an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 193).

86 Chun bheith éifeachtach, ní mór an t-athbhreithniú sin a bheith iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na prionsabail agus na forálacha sin, rud a chiallaíonn nach mór baint a bheith aige le léiriú na bprionsabal agus na bhforálacha sin, leis na hiarmhairtí dlíthiúla atá le bheith ag

gabháil leo maidir lena gcur i bhfeidhm i gcás ar leith agus, i gcás inarb iomchuí, le haicmiú dlíthiúil, i bhfianaise na bprionsabal agus na bhforálacha sin, na bhfíoras arna gcinneadh agus arna measúnú ag an gcomhlacht eadrána.

87 Ní féidir glacadh leis, trí dhul ar iontaoibh eadrána, go bhféadfaidh daoine aonair neamhaird a thabhairt ar phrionsabail agus ar fhorálacha dhlí príomha nó tánaisteach an Aontais atá bunriachtanach don dlíchóras a bhunaítear leis na Conarthaí nó a bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leo chun na cúraimí a chuirtear ar an Aontas Eorpach a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, mír 36, agus an 26 Deireadh Fómhair 2006, *Mostaza Claro*, C-168/05, EU:C:2006:675, mír 37). Seachas sin, tá comhlíonadh na bprionsabal agus na bhforálacha sin, ar cuid de bheartas poiblí an Aontais iad, ina cheangal ar dhaoine aonair, ar choinníoll go gcomhlíontar a gcoinníollacha faoi seach maidir lena gcur i bhfeidhm i gcás ar leith. Sa mhéid sin, is comhlánú fíor-riachtanach é urraim don bheartas poiblí do líonra struchtúrtha na bprionsabal, na rialacha agus an chaidrimh dhlíthiúil atá idirspleách ar a chéile idir an tAontas agus na Ballstáit agus eatarthu (féach, i ndáil leis an bpointe deireanach sin, breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea*, C-284/16, EU:C:2018:158, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

88 Mar is léir ó chásdlí na Cúirte, áirítear ar na prionsabail agus ar na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh, *inter alia*, Airteagail 101 agus 102 CFAE, a bhfuil éifeacht dhíreach acu agus a chruthaíonn cearta do dhaoine aonair, nach mór do na cúirteanna náisiúnta a choimirciú (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, míreanna 36 go 39, agus an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, míreanna 192 agus 193).

89 Tá saorghluaiseacht oibrithe, an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus saorghluaiseacht caipitil a ráthaítear le hAirteagail 45, 56 agus 63 CFAE faoi seach mar chuid de bheartas poiblí an Aontais freisin. Tá éifeacht dhíreach freisin ag na trí airteagal sin, arb iad na haon airteagail amháin atá i gceist sna príomhimeachtaí (féach, maidir le hAirteagal 45 CFAE, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Royal Antwerp Football Club*, C-680/21, EU:C:2023:1010, mír 136 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus, maidir le hAirteagal 63 CFAE, breithiúnas an 10 Márta 2022, *Grossmania*, C-177/20, EU:C:2022:175, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tá siad mar chuid de bhunchlocha an mhargaidh inmheánaigh ina bhfuil limistéar gan teorainneacha inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 26 CFAE.

Athbhreithniú breithiúnach ar dhámhachtainí arna dtabhairt ag CES i gcomhthéacs díospóidí a bhaineann le spórt a chleachtadh mar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar chríoch an Aontais Eorpaigh

90 Mar is léir ó chásdlí na Cúirte, baineann sraith saintréithe ar leith leis na sásraí eadrána a gcuireann comhlachais idirnáisiúnta spóirt amhail FIFA réiteach díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn eatarthu nó idir na comhlachais náisiúnta atá ina gcomhaltaí díobh agus daoine aonair laistigh dá ndlínse faoi seach, cibé acu gnóthais nó lúthchleasaithe iad, mar gheall ar reachtanna agus cumhachtaí na gcomhlachas spóirt sin.

91 Ar an gcúis sin, thug an Chúirt dá haire, i gcás ina mbaineann na díospóidí sin le spórt a chleachtadh mar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar chríoch an Aontais, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an bhféidearthacht atá ag na daoine aonair lena mbaineann athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil ar an gceist an bhfuil na dámhachtainí a dhéantar sna díospóidí

sin ag luí leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, míreanna 193 agus 195).

92 I bhfianaise reachtanna agus cumhachtaí comhlachas spóirt amhail FIFA, ní mór a mheas go bhforchuireann na comhlachais sin go haontaobhach ar na daoine aonair sin dul i muinín na sásraí eadrána sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, míreanna 193, 195 agus 225; ECtHR, an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis*, CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, § 109 go 115). Cé, ó thaobh foirmiúil de, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le comhaontú a thabhairt i gcrích leis an duine aonair sin chun sásra den sórt sin a chur i bhfeidhm ar dhuine aonair, forchuirtear tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin agus clásal lena sonraítear dul ar iontaoibh eadrána a chur isteach ann, i ndáiríre, le rialacha arna nglacadh ag an gcomhlachas lena mbaineann agus is infheidhme maidir lena bhaill agus le daoine atá cleamhnaithe leis na baill sin, nó fiú le catagóirí eile daoine.

93 Tá dlúthbhaint ag cineál éigeantach na sásraí eadrána den chineál sin leis an imthoisc go bhfuil siad beartaithe go mbeidh feidhm acu maidir le díospóidí idir, ar thaobh amháin, comhlachas spóirt *sui generis* ag a bhfuil cumhachtaí rialála, maoirseachta agus pionósacha atá thar a bheith fairsing agus, ar an taobh eile, líon ginearálta agus neamhchinntithe daoine dlítheanacha nó nádúrtha atá faoi réir fheidhmiú na gcumhachtaí sin i bhfeidhmiú a ngníomhaíochta gairmiúla, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 74 agus 75 dá Tuairim.

94 Is fíor go bhféadfadh údar a bheith, i bprionsabal, le dul ar iontaoibh eadrána go héigeantach, ag féachaint don neamhspleáchas dlíthiúil atá ag comhlachais idirnáisiúnta spóirt agus ag féachaint dá bhfreagrachtaí (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, míreanna 75 agus 142 agus an cásdlí dá dtagraítear), trí chuspóirí dlisteanacha a shaothrú amhail láimhseáil aonfhoirmeach díospóidí a bhaineann leis an disciplín spóirt a thagann faoina ndlínse a áirithiú nó trí léiriú agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialacha is infheidhme maidir leis an disciplín sin a chumasú.

95 Mar sin féin, chuir an Chúirt in iúl arís agus arís eile nach féidir leis an neamhspleáchas dlíthiúil údar a thabhairt le feidhmiú na gcumhachtaí atá ag comhlachais den sórt sin teorainn a chur leis an bhféidearthacht atá ag daoine aonair brath ar na cearta agus ar na saoirsí a thugtar dóibh le dlí an Aontais agus ar cuid de bheartas poiblí an Aontais iad (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 75, agus an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 196 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tugtar le tuiscint leis an gceanglas sin féin go bhféadfadh urramú na gceart agus na saoirsí sin a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, *a fortiori* i gcás ina bhforchuirtear dul ar iontaoibh eadrána ar na daoine aonair lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, míreanna 36 go 39, agus an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, míreanna 192 agus 193).

96 Sa chás seo, eisíodh dámhachtain CES de bhun sásra eadrána nach mór a mheas, sa chleachtas, a bheith forchurtha go haontaobhach ar na daoine lena mbaineann, mar is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil agus ón gcomhad os comhair na Cúirte.

97 I gcomhréir le hAirteagal 47(3) agus Airteagal 50(1) de Reachtanna FIFA, ní mór aon achomharc i gcoinne cinneadh ó Bhord Achomhairc FIFA agus, ar bhonn níos leithne, i gcoinne cinneadh críochnaitheach arna dhéanamh ag FIFA agus a chomhlachtaí a thabhairt os comhair CES. De réir Airteagal 50(4) de na reachtanna sin, níl aon éifeacht fionraíochta ag an achomharc sin, fiú más féidir le CES éifeacht den sórt sin a thabhairt dó. Ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagail 11, 14, 15 agus 51 de na reachtanna sin, ní mór do chomhlachais sacair náisiúnta ar comhaltaí de FIFA iad, ar an gcéad dul síos, géilleadh do dhlínse agus do chinntí CES agus, ar an dara dul síos, a cheangal ar a gcomhaltaí nó ar a gcleamhnaithe féin, amhail sraitheanna, clubanna agus imreoirí, géilleadh, de réir mar a bheidh, don inniúlacht sin agus do na cinntí sin nó do dhlínse agus do chinntí comhlachtaí eadrána arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta. Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 51 de na reachtanna céanna, toirmisctear aon achomharc nó iarratas ar bhearta eatramhacha os comhair gnáthchúirte mura bhforáiltear go sonrach dó sin i Rialacháin FIFA. Faoi réir an fhorchoimeádais sin, ní hamháin go bhfuil dlínse faoi seach CES agus na gcomhlachtaí eadrána arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta ginearálta agus ceangailteach ach tá siad eisiach freisin maidir le gach catagóir daoine a chumhdaítear leis na forálacha sin.

98 Dá bhrí sin, is gá soiléiriú a dhéanamh ar na ceanglais nach mór d'athbhreithniú breithiúnach ar dhámhachtainí arna ndéanamh faoi shásra den sórt sin a chomhlíonadh chun a chur ar chumas na gcúirteanna náisiúnta inniúla an chosaint bhreithiúnach éifeachtach a bhfuil daoine aonair ina dteideal a ráthú dóibh, faoi Airteagal 47 den Chairt, agus a bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

99 Ar an gcéad dul síos, mar a cuireadh in iúl i mír 76 den bhreithiúnas seo, ní gá go dtugtar le tuiscint leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE nach mór, laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, leigheas díreach a bheith ann chun a chur ar chumas na ndaoine aonair lena mbaineann agóid a dhéanamh i gcoinne dámhachtainí den sórt sin, amhail caingean le haghaidh neamhniú, agóid nó achomharc, agus, ar an gcaoi sin, athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil ón gcúirt inniúil ar na dámhachtainí sin. Mar sin féin, is féidir leis an gcomhlachas spóirt lena mbaineann sásra eadrána a chur ar bun atá, ag féachaint dá shuíomh, faoi réir leigheas díreach den sórt sin laistigh den Aontas.

100 Os a choinne sin, i ngach cás ina ndearnadh dámhachtain i gcomhthéacs díospóid a bhaineann le spórt a chleachtadh mar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar chríoch an Aontais Eorpaigh agus i gcás nach bhforáiltear do leigheas díreach i gcoinne na dámhachtana sin os comhair cúirt de chuid Ballstáit, ní mór an fhéidearthacht a bheith ann, mar a cuireadh in iúl i mír 76 den bhreithiúnas seo, do na daoine aonair lena mbaineann athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil go hindíreach, arna iarraidh sin acu nó *ex officio*, ó aon chúirt de chuid Ballstáit a fhéadfaidh dámhachtain den sórt sin a éisteacht ar bhealach ar bith, i dtaobh an bhfuil an dámhachtain sin ag luí leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh, mar a leanann ó mhíreanna 85 agus 95 den bhreithiúnas seo. In éagmais athbhreithniú teagmhasach den sórt sin nó mura raibh sé éifeachtach, i bhfianaise na dtosca dá dtagraítear i míreanna 92 agus 93 den bhreithiúnas sin, níl aon leigheas ann lena gcumasaítear cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú do na daoine aonair lena mbaineann, agus mar thoradh air sin ceanglaítear ar an mBallstát lena mbaineann leigheas den sórt sin a chur ar bun.

101 Ar an dara dul síos, ní mór do chúirteanna na mBallstát a n-iarrtar orthu athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh, i gcás ina bhfuil léiriú nó cur i bhfeidhm na bprionsabal nó na bhforálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh agus lena dtugtar cearta nó saoirsí do dhaoine aonair i gceist le dámhachtain den sórt sin, a bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar léiriú na

bprionsabal nó na bhforálacha sin, na hiarmhairtí dlíthiúla a ghabhann leis an léiriú sin maidir lena gcur i bhfeidhm sa chás atá idir lámha agus an t-aicmiú dlíthiúil a tugadh, i bhfianaise an léirithe sin, do na fíorais arna gcinneadh agus arna measúnú ag an gcomhlacht eadrána, mar a leanann ó mhíreanna 86 agus 95 den bhreithiúnas seo.

102 Sa tríú háit, ní féidir leis na cúirteanna sin iad féin a theorannú do chinneadh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil dámhachtain den sórt sin ar neamhréir, go hiomlán nó go páirteach, le prionsabail nó forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh.

103 Os a choinne sin, ní mór do na cúirteanna sin a bheith in ann, faoi chuimsiú a ndlínse faoi seach agus i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta is infheidhme, na hiarmhairtí dlíthiúla uile is gá a bhaint amach i gcás ina gcinntear go bhfuil neamhréireacht den sórt sin ann. Murach sin, ní bheadh an t-athbhreithniú breithiúnach a rinneadh éifeachtach, sa mhéid is go bhféadfaí a cheadú leis leanúint den neamhréireacht sin.

104 Go háirithe, i gcás ina bhfuil sárú ar na rialacha iomaíochta i gceist, ní mór do na daoine lena mbaineann a bheith in ann a iarraidh ar na cúirteanna sin ní hamháin an sárú sin a chinneadh agus cúiteamh a ordú as an díobháil a rinneadh dá bharr, ach freisin deireadh a chur leis an iompar arb ionann é agus an sárú sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, míreanna 200 agus 201). Is amhlaidh atá maidir leis na saoirsí gluaiseachta, a mhéid nach mór do chomhlachais spóirt na saoirsí sin a urramú nuair a achtaíonn siad nó nuair a chuireann siad rialacháin i bhfeidhm a bhfuil tionchar díreach acu orthu (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, míreanna 85 agus 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

105 Sa cheathrú háit agus ar deireadh, leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte nach mór an chumhacht a bheith ag aon chúirt náisiúnta ar tugadh díospóid os a comhair arna rialú le dlí an Aontais bearta eatramhacha a dheonú lena bhféadfar éifeachtacht iomlán an chinnidh atá le tabhairt maidir leis an tsubstaint a ráthú, lena n-áirítear i gcás ina ndéanann an chúirt nó an binse sin iarraidh ar réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus ina gcuireann sí bac ar na himeachtaí ar feitheamh a freagra. Ina theannta sin, ní mór do chúirt den sórt sin rialacha dlí náisiúnta lena gcuirtear cosc ar an gcumhacht sin a chur ar leataobh (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Meitheamh 1990, *Factortame agus páirtithe eile*, C-213/89, EU:C:1990:257, míreanna 21 go 23; ordú Uachtarán na Cúirte an 25 Feabhra 2021, *Sea Watch*, C-14/21 agus C-15/21, EU:C:2021:149, mír 32).

106 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, ní mór do na daoine lena mbaineann a bheith in ann a iarraidh ar aon chúirt náisiúnta ar tugadh an cheist os a comhair go bailí an bhfuil dámhachtain eadrána ag luí leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh bearta eatramhacha a dheonú dóibh go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le substaint an cháis (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún*, C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 201). Ar bhonn níos ginearálta, ní mór a bheith in ann bearta eatramhacha den sórt sin a lorg ó aon chúirt náisiúnta a bhfuil dlínse aici rialú a thabhairt, i gcomhthéacs iarratas ar dhearbhú neamhnithe, urghaire agus cúiteamh a ghlacadh amhail an ceann is cúis leis an díospóid sna príomhimeachtaí, nó i gcomhthéacs aon imeachtaí breithiúnacha náisiúnta eile, maidir leis an gceist an bhfuil gníomh, beart nó iompar comhlachais idirnáisiúnta nó náisiúnta spóirt, nó comhlacht eadrána a bhfuil a dhlínse forchurtha go haontaobhach ar dhaoine aonair ag comhlachas den sórt sin, ag luí leis na prionsabail agus na

forálacha sin, gan é a bheith riachtanach fanacht ar chinneadh maidir le tuillteanais na ceiste sin. Go deimhin, in éagmais féidearthacht den sórt sin, ní fhéadfaí éifeachtacht iomlán cinnidh den sórt sin a ráthú.

107 Ar an dara dul síos, ní mór d'aon chúirt náisiúnta a bhfuil dlínse aici rialú ar cheist den sórt sin neamhaird a thabhairt ar aon riail a thagann ó Bhallstát nó, *a fortiori*, ó chomhlachas spóirt, lena gcuirtear toirmeasc ar na daoine aonair lena mbaineann a iarraidh uirthi bearta eatramhacha den sórt sin a dheonú nó lena gcuirtear cosc uirthi ar shlí eile bearta den sórt sin a dheonú dóibh.

108 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir go mbaineann dámhachtain CES le díospóid maidir le smachtbhannaí araíonachta arna bhforchur ag FIFA faoi chonarthaí arna dtabhairt i gcrích idir club sacair atá bunaithe sa Bheilg agus gnóthas atá bunaithe i Málta arb ionann a ghníomhaíocht eacnamaíoch agus cúnamh airgeadais do chlubanna sacair san Eoraip. Rinneadh an dámhachtain sin de bhun sásra eadrána arna bhunú le rialacháin arna leagan síos ag FIFA, lena bhforáiltear go bhféadfadh dámhachtain den sórt sin a bheith ina hábhar caingne le haghaidh neamhniú os comhair cúirt tríú Stát. Dá bhrí sin, is dámhachtain í nach mór deis a bheith ag na daoine aonair lena mbaineann ina leith, in éagmais leigheas díreach os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit, athbhreithniú éifeachtach a fháil ina leith, go hindíreach, ó aon chúirt nó binse de chuid Ballstáit a fhéadfaidh dámhachtain den sórt sin a éisteacht, le cúnamh ón gCúirt más gá ar bhonn Airteagal 267 CFAE, maidir le comhlíonadh na bprionsabal agus na bhforálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh.

109 Ina theannta sin, mar is léir ó na ráitis san ordú tarchuir, tugann na forálacha náisiúnta agus na rialacha náisiúnta is ábhar do cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur feidhm *res judicata* do dhámhachtainí eadrána críochnaitheacha sa chaidreamh idir na páirtithe agus luach cruthúnais *vis-à-vis* tríú páirtithe ar fud chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, i dtéarmaí ginearálta agus neamhchinntithe. Dá réir sin, cuireadh i bhfeidhm iad ar dhámhachtain CES sa bhreithiúnas is ábhar don achomharc ar phointe dlí atá ar feitheamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

110 Dá bhrí sin, tá sé d'éifeacht ag an gcur i bhfeidhm sin, ar an gcéad dul síos, feidhm *res judicata* a thabhairt do dhámhachtain eadrána den sórt sin, sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid ina ndearnadh an dámhachtain eadrána sin.

111 Leis an gcur i bhfeidhm sin, baintear den pháirtí a bhfuil an páirtí eile ag brath ar an dámhachtain eadrána ina choinne ina dhiaidh sin, i ndíospóid a thugtar os comhair cúirt de chuid an Bhallstáit lena mbaineann, an fhéidearthacht athbhreithniú éifeachtach a fháil ón gcúirt sin, arna iarraidh sin aige nó *ex officio*, ar an gceist an bhfuil an dámhachtain eadrána sin ag luí leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais.

112 Ar an dara dul síos, tá sé d'éifeacht ag an gcur i bhfeidhm sin luach cruthúnais a shannadh do dhámhachtain eadrána den sórt sin sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid ina ndearnadh an dámhachtain eadrána sin agus tríú páirtithe sa díospóid sin.

113 Is fíor, mar a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl san ordú tarchuir agus ag an Abhcóide Ginearálta araon i mír 134 dá Tuairim, gur toimhde é an luach cruthúnais sin a d'fhéadfadh an páirtí a bhfuil tríú páirtí sa díospóid ag brath ar an dámhachtain eadrána ina choinne ina dhiaidh sin a fhrisnéis, i ndíospóid a thugtar os comhair chúirt an Bhallstáit lena mbaineann.

114 Mar sin féin, léirítear leis an gcinneadh sin freisin go bhfuil sannadh luach cruthúnais den sórt sin don dámhachtain eadrána atá i gceist ar cheann de na hiarmhairtí a bhaineann le *res judicata* faoin dlí náisiúnta, d'fhonn an dámhachtain eadrána sin a fhorfheidhmiú i gcoinne tríú páirtithe. Dá bhrí sin, tugtar an 'luach cruthúnais' sin don dámhachtain eadrána sin, ar an mbealach céanna le feidhm *res judicata* arb é atoradh í agus a bhfuil dlúthbhaint dhíreach aige léi, in éagmais aon athbhreithniú, ag cúirt Bhallstáit, ar a mhéid a chomhlíonann sí beartas poiblí an Aontais.

115 Tá gá leis an gceanglas athbhreithniú a dhéanamh maidir le comhlíonadh bheartas poiblí an Aontais chun a chur ar chumas an duine aonair lena mbaineann a cheart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú agus an chosaint bhreithiúnach éifeachtach a theachtadh nach mór a áirithiú dó, *ex officio* más gá, i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt agus leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, gan beann ar cé a bheartaíonn brath ar dhámhachtain eadrána amhail an dámhachtain atá i gceist sna príomhimeachtaí ina choinne.

116 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanann an Coinbhinsiún maidir le Dámhachtainí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorfheidhmiú, a síníodh i Nua-Eabhrac an 10 Meitheamh 1958 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, iml. 330, lch. 3), nach bhfuil ceangailteach ar an Aontas Eorpach ach a bhfuil na Ballstáit uile agus, thairis sin, Cónaidhm na hEilvéise, ina bpáirtithe ann, foráil freisin d'athbhreithniú breithiúnach ar dhámhachtainí eadrána atá dírithe ar chomhlíonadh an bheartais phoiblí.

117 Mar a mheabhraigh Rialtais na Beilge, na Fraince, na Liotuáine agus na hÍsiltíre agus an Coimisiún, go bunúsach, leanann sé ón gcoinbhinsiún sin, cé nach mór d'aon Stát is páirtí ann a aithint gurb ann do dhámhachtain eadrána eachtracha arna n-eisiúint de bhun comhaontú lenar gheall daoine nádúrtha nó dlítheanacha gach díospóid nó cuid de dhíospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn eatarthu maidir le caidreamh dlíthiúil ar leith a chur chun eadrána, mar aon le húdarás na dámhachtana sin a aithint, tá an oibleagáid sin fite fuaite leis an oibleagáid atá ar Stát den sórt sin a áirithiú go mbeidh na daoine lena mbaineann in ann athbhreithniú a fháil ó na cúirteanna náisiúnta inniúla, cibé acu ar a n-iarraidh sin acu nó *ex officio*, ar chomhréireacht na ndámhachtainí sin lena bheartas poiblí. Maidir leis na Ballstáit, tá an oibleagáid sin féin fite fuaite leis an oibleagáid chun a áirithiú go mbeidh na daoine sin in ann athbhreithniú a fháil ar chomhlíonadh bheartas poiblí an Aontais ag na dámhachtainí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, mír 37).

118 Ar deireadh, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, gur leor Airteagal 47 den Chairt ann féin agus ní gá é a shonrú le forálacha dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta chun ceart a thabhairt do dhaoine aonair ar féidir leo a agairt (breithiúnais an 17 Aibreán 2018, *Egenberger*, C-414/16, EU:C:2018:257, mír 78; an 29 Iúil 2019, *Torubarov*, C-556/17, EU:C:2019:626, mír 56, agus an 28 Eanáir 2025, *ASG 2*, C-253/23, EU:C:2025:40, mír 89).

119 Leanann sé freisin ó chásdlí socair na Cúirte, ós rud é go bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE i dtéarmaí soiléire agus beachta, ar thaobh amháin, agus nach bhfuil sé faoi réir aon choinníoll, ar an taobh eile, go bhfuil éifeacht dhíreach aige (breithiúnais an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 250; an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí de chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 58, agus an 6 Márta 2025, *D. K. (Tarraingt siar cásanna ó bhreitheamh)*, C-647/21 agus C-648/21, EU:C:2025:143, mír 90).

120 Dá bhrí sin, i gcás ina bhféadfadh na forálacha náisiúnta is infheidhme maidir le díospóid ar leith bac a chur ar lánéifeachtacht an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ní mór don chúirt inniúil náisiúnta, mura bhfuil sí in ann na forálacha náisiúnta sin a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, neamhaird a thabhairt orthu faoina húdarás féin. Tá an chumhacht, tráth chur i bhfeidhm dhlí an Aontais, gach rud is gá a dhéanamh chun foráil nó cleachtas náisiúnta a chur ar leataobh lena bhféadfaí éifeachtacht iomlán na rialacha a bhfuil éifeacht dhíreach acu den dlí sin a chosc, ina cuid dhílis d'fheidhm bhreithiúnacht an Aontais atá de dhualgas ar an gcúirt náisiúnta atá freagrach, faoi chuimsiú a dlínse, as na rialacha sin a chur i bhfeidhm (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 59 agus 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

121 Dá bhrí sin, tagann an oibleagáid sin chun cinn, go háirithe, i gcás ina gcuireann na forálacha náisiúnta is infheidhme cosc ar an gcúirt náisiúnta inniúil athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh, mar ábhar teagmhasach, ar an gceist an bhfuil dámhachtain eadrána arna déanamh ag CES, i gcomhthéacs díospóid a bhaineann le spórt a fheidhmiú mar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar chríoch an Aontais, ag luí leis na prionsabail agus na forálacha ar cuid de bheartas poiblí an Aontais iad.

122 Dá bhrí sin, eascraíonn an oibleagáid sin, go háirithe, i gcás ina bhfuil forálacha agus rialacha náisiúnta ann lena dtugtar feidhm *res judicata* do dhámhachtain eadrána den sórt sin i gcaidreamh idir na páirtithe, ar thaobh amháin, agus a luach cruthúnais sa chaidreamh idir na páirtithe agus tríú páirtithe, ar an taobh eile, gan an dámhachtain eadrána sin a bheith faoi réir athbhreithniú, roimh ré, lena gcuirtear ar chumas chúirt nó bhinse an Bhallstáit lena mbaineann a fhíorú, go héifeachtach, an bhfuil sí ag luí leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh. Ní mór a chur in iúl, i ndáil leis sin, gurb é bronnadh údaráis den sórt sin agus, dá bhrí sin, an fheidhm sin ar an dámhachtain eadrána sin, atá, i gcomhthéacs den sórt sin, de shárú ar an gceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus in Airteagal 47 den Chairt.

123 Go deimhin, tá difríocht bhunúsach idir cás den sórt sin agus an cás dá dtagraítear i gcásdlí na Cúirte a luaitear i mír 55 den bhreithiúnas seo, ina gcaitear amhras ar shannadh *res judicata* do chinneadh breithiúnach nó dámhachtain eadrána arbh fhéidir a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach i gcomhréir leis na forálacha sin, ar an bhforas go gcuirtear cosc leis ar shárú ar fhoráil eile nó ar phrionsabal eile de dhlí an Aontais a chinneadh agus a phionósú agus, dá bhrí sin, go ndéantar neamhaird leis ar theorainn a fhorchuirtear le prionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais maidir le *res judicata* mar léiriú ar phrionsabal neamhspleáchais nós imeachta na mBallstát.

124 Sa chás seo, ní mór neamhaird a thabhairt mar sin ar na forálacha náisiúnta agus ar na rialacha náisiúnta a bhfuil ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur leagtha amach ina leith, mura féidir na forálacha agus na rialacha sin, a mheastar i gcomhar le forálacha eile den dlí náisiúnta, a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm acu i gcás dámhachtain eadrána amhail an dámhachtain atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur amháin atá sé a chinneadh.

125 I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar:

– feidhm *res judicata* a thabhairt do dhámhachtain CES i gcríoch Bhallstáit, sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid ina ndearnadh an dámhachtain sin, i gcás ina mbaineann an díospóid

sin le cleachtadh spóirt mar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar chríoch an Aontais Eorpaigh agus nach ndearnadh athbhreithniú éifeachtach roimh ré ar chomhréireacht na dámhachtana sin leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh ag cúirt de chuid an Bhallstáit sin atá i dteideal tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú;

– luach fianaise a thabhairt, mar thoradh ar *res judicata* sin, do dhámhachtain den sórt sin i gcríoch an Bhallstáit chéanna, sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid sin agus tríú páirtithe.

Costais

126 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Ní mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar:

– **feidhm *res judicata* a thabhairt do dhámhachtain na Cúirte Eadrána Spóirt (CES) i gcríoch Bhallstáit, sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid ina ndearnadh an dámhachtain sin, i gcás ina mbaineann an díospóid sin le cleachtadh spóirt mar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar chríoch an Aontais Eorpaigh agus nach ndearnadh athbhreithniú éifeachtach roimh ré ar chomhréireacht na dámhachtana sin leis na prionsabail agus na forálacha atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais ag cúirt de chuid an Bhallstáit sin atá i dteideal tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú;**

– **luach fianaise a thabhairt, mar thoradh ar *res judicata* sin, do dhámhachtain den sórt sin i gcríoch an Bhallstáit chéanna, sa chaidreamh idir na páirtithe sa díospóid sin agus tríú páirtithe.**

[Sínithe]